2023.M108T

2023L225A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

Dé hAoine 23 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

250 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**    Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearra | 80 marc |
| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
| Roinn C | Ceisteanna Fada | 120 marc |

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

Freagair **10** gceist ar bith de na 12 cheist i Roinn A

Ceist 13 i Roinn B – Cás-Staidéar

**Trí** cheist ar bith de na cúig cheist i Roinn C

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Tig leat páipéar breise a iarraidh chomh maith. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**


Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Roinn A 80 marc

Freagair **deich** gceist ar bith as na ceisteanna 1 - 12.

**Ceist 1**

Is coincheapa anatamaíochta iad plánaí an choirp, a úsáideann proifisiúnaigh shláinte chun cur síos ar an dóigh a ngluaiseann do chorp i gcaitheamh na haclaíochta agus i gcaitheamh gníomhaíochtaí eile.



**Fíor 1**

**(a)** Ainmnigh **dhá** phlána ar bith de ghluaiseacht an duine.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(b)** Déan cur síos ar an **dá** phlána de ghluaiseacht an duine a ainmníodh mar is ceart in **(a)**. Bain úsáid as sampla spóirt den ghluaiseacht i ngach ceann de na plánaí chun tacú le do fhreagra.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**Ceist 2**




**Fíor 2.** Iarchaptaen agus iarbhainisteoir cúnta ar fhoireann sacair Phoblacht na hÉireann, Roy Keane

Mínigh **dhá** mhodh dhifriúla le haghaidh traenáil chorpacmhainne a d'fhéadfaí a úsáid chun lúthchleasaithe a ullmhú le feidhmiú i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Céard is rialú sóisialta an choirp ann?

**(b)** Pléigh an dóigh a mbíonn tionchar ag rialú sóisialta an choirp ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear agus na mban i ngníomhaíocht choirp.

**Ceist 4**

**(a)** Sainaithin an **dá** thoisc is tábhachtaí, dar leat, a imríonn tionchar ar an bhfeidhmíocht i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
| --- |
| 1. |
| 2. |

**(b)** Pléigh an fáth a gcreideann tú gurb iad na tosca a ainmníodh mar is ceart in **(a)** an **dá** thoisc is tábhachtaí a imríonn tionchar ar an bhfeidhmíocht i do ghníomhaíocht choirp ainmnithe.

| 1. |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

**Mar a théann clár atá nasctha le pobal scoile i gcion ar leibhéil na gníomhaíochta coirp agus ar chaighdeán na beatha mar a bhaineann leis an tsláinte i gcás cailíní ógánta**

Meghan M Casey, Jack T Harvey, Amanda Telford, Rochelle M Eime, Amanda Mooney & Warren R Payne

**Fíor 4**

I bh**Fíor 4** tugtar an teideal ar staidéar a rinneadh in 2014 agus ainmneacha na n-údar a tháinig ar an gconclúid seo:

> Fuarthas torthaí dearfacha de bharr idirghabháil measartha beag a bhí nasctha le pobal scoile.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfaí na conairí idir gníomhaíocht choirp ar scoil agus sa phobal a neartú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Is reathaithe iad Nikki Hamblin (as an Nua-Shéalainn) agus Abbey D’Agostino (as na Stáit Aontaithe) ar bhronn an Coiste Idirnáisiúnta um Chothrom na Féinne gradam orthu toisc gur chuidigh siad lena chéile an rás a chríochnú tar éis dóibh beirt titim le linn rás 5,000 m sna Cluichí Oilimpeacha in Rio in 2016.




**Fíor 5**

Pléigh an tuairim seo:
*‘Is féidir go spreagfaidh an spórtúlacht breis rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp, ach is féidir go laghdófar leibhéil na rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp mar gheall ar chleasaíocht mhíspórtúil’.*

**Ceist 7**

Ainmníodh Johnny Sexton mar Imreoir Rugbaí an Domhain sa bhliain 2018.
Tá iomrá ar Johnny mar gheall ar cháilíocht a chluiche ciceála.



**Fíor 6**. Johnny Sexton

**(a)** Cé acu ceann de dhlíthe gluaisne Newton is féidir a úsáid chun luasghéarú liathróid rugbaí a ciceáladh a ríomh?

**(b)** Ainmnigh agus sainmhínigh ceann **amháin** eile de dhlíthe gluaisne Newton.

**(c)** Mínigh an fáth a d'úsáidfeá dlíthe gluaisne Newton nuair a bhíonn gluaiseacht an duine á anailísiú agat.

**Ceist 8**

Sainmhínigh gach ceann de na téarmaí seo thíos mar a bhaineann siad le gníomhaíocht choirp.

**Rialacha** **Deasghnátha** **Gnásanna**

| |
|---|
| Rialacha |
| |
| |
| |
| |
| |
| Deasghnátha |
| |
| |
| |
| |
| |
| Gnásanna |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**

Bhí Israel Olatunde ar an Éireannach ba ghasta riamh nuair a rith sé an 100 m in 10.17 soicind i gCraobhchomórtas Lúthchleasaíochta na hEorpa in München ar an 16 Lúnasa 2022.




**Fíor 7**

Cuir síos ar **dhá** phrionsabal sa chleachtadh éifeachtach a d'fhéadfadh a bheith in úsáid i ndearadh sceideal cleachtaidh Olatunde.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 10**

Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh **dhá** chóras fuinnimh ar bith a úsáideann corp an duine cur leis an bhfeidhmíocht i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 11**

Tar éis don mhúinteoir corpoideachais suirbhé a dhéanamh ar phatrúin agus ar iompraíochtaí i dtaca le gníomhaíocht coirp na mbuachaillí agus na gcailíní i scoil, fuair sí amach go raibh na buachaillí sa scoil i bhfad níos gníomhaí ná na cailíní.

Pléigh **dhá** bhealach a bhféadfadh scoil dul i ngleic le héagothroime inscne i leibhéil na rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 12**




**Fíor 8.** Múinteoir Corpoideachais agus imreoir Peil Ghaelach as Ciarraí, David Clifford, ag comhdhíriú agus é réidh chun saorchic a thógáil

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfadh an toisc shíceolaíoch comhdhíriú tionchar a imirt ar leibhéil feidhmíochta lúthchleasaí.

**(b)** Déan cur síos ar straitéis **amháin** a d'fhéadfadh lúthchleasaí a úsáid lena chomhdhíriú a fheabhsú i gcomhair feidhmíochta.

## Roinn B — Cas-Staidéar — 50 marc

Scrúdaigh an téacs agus na híomhánna sa Chás-Staidéar thíos agus freagair ceist 13.



**Fíor 9**. Paul Kinnerk, cóitseálaí iomána shinsir Luimnigh

Cuireann an spórt deiseanna iontacha ar fáil do dhaoine le bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht choirp agus is féidir leis ardán a thabhairt do dhaoine a bheith rannpháirteach sa spórt trí mheán na cóitseála fosta. Deir Spórt Éireann:

> Tá an chóitseáil lárnach i bhforbairt imreoirí agus i bhfeidhmíocht spóirt ag gach leibhéal comórtais, agus is gníomhaithe lárnacha iad cóitseálaithe le cinntiú go mbeidh taithí ardchaighdeáin ag rannpháirtithe atá ann cheana agus ag rannpháirtithe nua sa spórt.

Meastar a lán cáilíochtaí a bheith riachtanach don chóitseáil éifeachtach. Tá grinneolas ar an spórt, chomh maith le scileanna sármhaithe cumarsáide agus eagrúcháin, tábhachtach don chóitseáil ardchaighdeáin. Eochairscil chóitseála is ea úsáid éifeachtach aiseolais a d’fhéadfadh cuidiú le lúthchleasaithe a gcuid feidhmíochta a bharrfheabhsú.

Teastaíonn na scileanna teicniúla ó chóitseálaithe le sceidil traenála agus chleachtaidh a eagrú, a phleanáil agus a chur ar fáil dá lúthchleasaithe. Ó fhorbairt pleananna tréimhsithe go dearadh agus cur i gcrích seisiúin traenála indibhidiúla, tá ar chóitseálaithe cuidiú lena lúthchleasaithe i dtéarmaí a bhforbartha coirp agus oirbheartaíochta chomh maith lena bhforbairt theicniúil.




**Fíor 10**. Pep Guardiola, Manchester City

D’áiteodh a lán daoine gurb é an ról is tábhachtaí atá ag cóitseálaithe ag leibhéal ar bith ná scileanna agus teicnící a gcuid lúthchleasaithe a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh eolas ag cóitseálaithe ar conas gach scil agus gluaiseacht ina spórt a fheidhmiú agus ba chóir dóibh cuidiú lena lúthchleasaithe na scileanna seo a fhorbairt. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an cóitseálaí riachtanais gach lúthchleasaí indibhidiúil ar an gcéim d’fhoghlaim scile ar a bhfuil siad, sa chaoi gur féidir leis feidhmíocht scile a chuid lúthchleasaithe a bharrfheabhsú.

Is féidir le cóitseálaithe a bhfuil tuiscint ar an mbithmheicnic acu a gcuid eolais a úsáid chun feidhmíocht a gcuid lúthchleasaithe a anailísiú agus a mheasúnú. Ag ardleibhéil chomórtais d'fhéadfadh cóitseálaithe barainneacht gluaiseachta a lúthchleasaithe a bhreithniú, agus céimeanna a thabhairt chun í a fheabhsú d'fhonn cuidiú le feidhmíocht an lúthchleasaí a bharrfheabhsú.



**Fíor 11**




**Fíor 12**. Sonraí faoi líon na gcóitseálaithe in Éirinn



**Fíor 13**. Anne Downey

Nocht an staidéar ar Rannpháirtíocht Páistí i Spórt agus i nGníomhaíocht Choirp (CSPPA I mBéarla) in 2018 go mbíonn buachaillí níos gníomhaí go fisiciúil ná cailíní agus go mbíonn siad rannpháirteach i níos mó spórt pobail ná mar a bhíonn cailíní. Ag leibhéal na hiarbhunscoile, glacann 66% de na buachaillí páirt i spórt pobail ach ní dhéanann ach 52% de na cailíní é sin.

Dealraíonn sé go bhfuil an éagothroime inscne shoiléir seo le fáil fosta i saol na cóitseála spóirt, áit a bhfuil cóitseálaithe fireanna i bhfad níos coitianta ná cóitseálaithe baineanna.

Ag na ceithre chluiche Oilimpeacha dheireanacha, ní raibh ach 11% de na cóitseálaithe ina mná. Tugadh ceannlínte náisiúnta do Anne Downey, bean as Cill Chainnigh, nuair a fógraíodh in 2020 go mbeadh sí ag cóitseáil foireann iomána fear.

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)** Coincheap den ghníomhaíocht choirp is ea 'spórt'. Mínigh 'spórt'.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**

Eochairscil chóitseála a fhéadann lúthchleasaithe a spreagadh lena bhfeidhmíocht a bharrfheabhsú is ea úsáid éifeachtach aiseolais.

Pléigh tábhacht **dhá** chineál éagsúla aiseolais a d'fhéadfadh cóitseálaí a úsáid chun cur le feidhmíocht lúthchleasaithe i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** Scrúdaigh na príomhrudaí a mbíonn tionchar acu ar phatrúin rannpháirtíochta daoine óga i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)**

> Tá sé riachtanach go dtuigfeadh cóitseálaí riachtanais gach lúthchleasaí indibhidiúil ar an gcéim ar a bhfuil siad i bhfoghlaim scile, sa chaoi gur féidir leis an gcóitseálaí feidhmíocht scile na lúthchleasaithe a bharrfheabhsú.

Cuir síos ar fheidhmíocht scile ainmnithe ag lúthchleasaí ag **trí** chéim dhifriúla d'fhoghlaim scile.

| Scil |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(e)** Scrúdaigh an dóigh a bhféadfadh barainneacht gluaiseachta tionchar a imirt ar cháilíocht/éifeachtacht scile ainmnithe i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp | Scil |
|---|---|
| | |

## Roinn C **120 marc**

Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 14 - 18.

**Ceist 14** **(40 marc)**




**Fíor 14**

**(a)** **(i)** Coincheap den ghníomhaíocht choirp is ea 'gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta'. Sainmhínigh 'gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta'.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Ainmnigh **ceithre** 'ghníomhaíocht lasmuigh agus ghníomhaíocht eachtraíochta', seachas gníomhaíochtaí uisce.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** D’fhéadfaí a mhaíomh gurb í an mhuinín an toisc shíceolaíoch is luachmhaire a chuidíonn le feidhmíocht éifeachtach i raon gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta.

**(i)** Sainmhínigh muinín maidir le feidhmíocht spóirt.

| |
|---|
| |
| |

**(ii)** Pléigh conas a d’fhéadfadh an mhuinín tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** Féadann an bhaint a bheadh ag duine le foireann spóirt gné shóisialta luachmhar a chur ar fáil chomh maith le cuidiú leis an duine sin a bheith gníomhach go fisiciúil.

Pléigh **trí** shlí a bhfuil tairbhe shóisialta le baint as gníomhaíocht choirp ag déagóirí.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)** Úsáideann cóitseálaithe prionsabail na traenála i ndearadh clár traenála.

Scrúdaigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon **dá** phrionsabal traenála ar fheidhmíocht lúthchleasaí.

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)**



**Fíor 15**

Ba í Leona Maguire an chéad bhean as Éirinn a bhuaigh comórtas in ilchomórtas an LPGA (Cumann na nGalfairí Gairmiúla Ban) – 'Craobhchomórtas Tiomáin Leat 2022' in Florida. D'úsáid Leona clubanna gailf de chuid PING sa chomórtas sin.

Pléigh an tábhacht a bhaineann le fearas fóirsteanach a roghnú agus a chothabháil i do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)**

Is branda cothaithe spóirt Éireannach é Kinetica. Baiscthástálann siad a dtáirgí le cinntiú go gcloítear leis na caighdeáin atá leagtha síos ag an nGníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil.




**Fíor 16**. Is ambasadóir branda do Kinetica í Leona Maguire

**(i)** Ainmnigh **dhá** fhorbhia cothaithe a úsáideann lúthchleasaithe go coitianta.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh ceann **amháin** de na forbhianna a d’ainmnigh tú in **(i)** feidhmíocht lúthchleasaithe a bharrfheabhsú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)**

| **Spórt an Lúthchleasaí/CNR** | **Substaint a d'úsáid an lúthchleasaí** | **Pionós a gearradh ar an lúthchleasaí** |
|---|---|---|
| *Trí-atlan Éireann* | Liogandról | 4 bliana |
| *Tógáil Meáchan Éireann* | Nandralón | 4 bliana |
| *CLG* | Mealdóiniam | 4 bliana |
| *Mótarspórt Éireann* | Níl ar fáil | 4 bliana |

**Fíor 17**. Pionóis a Ghearr Painéal Smachta Frithdhópála Spórt Éireann in 2020

**(i)** De réir **Fhíor 17** thóg an lúthchleasaí a bhain le Tógáil Meáchan Éireann an stéaróideach anabalach, Nandralón.

Sainaithin **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag an lúthchleasaí seo le stéaróideach anabalach a úsáid.

**(ii)** Luaigh catagóir eile drugaí a chuireann le feidhmíocht agus luaigh slí **amháin** a bhféadfadh substaint as an gcatagóir seo tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(iii)** I bh**Fíor 17** deirtear nach raibh aon eolas ar fáil faoin tsubstaint ar cuireadh toirmeasc ar lúthchleasaí a bhain le Mótarspórt Éireann as a húsáid.

Luaigh **dhá** riail frithdhópála ar féidir gur sháraigh an lúthchleasaí seo iad.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)** Chomh maith leis an gconradh páirtnéireachta atá ag Leona Maguire le Kinetica, tá conarthaí aici le Puma, KPMG, Davy, Kingspan, Kastus agus Club Gailf Slieve Russell fosta.

**(i)** Céard is urraíocht sa spórt ann?

**(ii)** Scrúdaigh an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag conarthaí urraíochta Leona uirthi.

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)**

Le linn an Combine a bhíonn ag an NFL (Sraith Náisiúnta Peile Mheiriceá) cuirtear lúthchleasaithe faoi thástálacha fisiciúla agus intinne a thugann deis dóibh a gcuid lúthchleasaíochta agus ullmhacht a n-intinne a bhuaiceáil do chóitseálaithe agus do bhainisteoirí foirne.




**Fíor 18**

Ainmnigh agus cosain an rogha **ceithre** thástáil a chuirfeá ar chlár tástálacha corpacmhainne do do rogha gníomhaíocht choirp.

| Gníomhaíocht Choirp | |
|---|---|
| Tástáil | Cosaint na Tástála |
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** Déan cur síos ar an bhfoirmle MDAC (FITT sa Bhéarla).

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** Pléigh **dhá** bhealach ar chuir an fás ar imeachtaí oll-rannpháirtíochta spóirt deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht le blianta beaga anuas.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)** Déan comparáid idir do rogha **dhá** ghníomhaíocht choirp ó pheirspictíocht chritéir ealaíne/aeistéitiúla na feidhmíochta sna gníomhaíochtaí sin.

Ní mór do cheann amháin de na gníomhaíochtaí coirp a roghnaítear a bheith ina gníomhaíocht ealaíne/aeistéitiúil.

**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a)**

| Mí | Ean | Feabh | Márta | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF | DF - Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Céim Thraenála | Réamhshéasúr | | | Séasúr Comórtais | | | | | | As Séasúr |
| Bloc Traenála | Bloc 1 | Bloc 2 | | Bloc 3 | | Bloc 4 | | Bloc 5 | | |
| Pléiméadracht | Mall | Measartha | | Gasta | | Mall | | Gasta | | |
| Cumhacht Iuchtaithe | Trom | Measartha | | Éadrom | | Trom | | Éadrom | | |
| Neart | Iarrataí Measartha | Iarrataí Measartha | | Iarrataí Ísle | | Iarrataí Arda | | Iarrataí Ísle | | |
| Aclú | Sos Fada | Sos Gearr | | Sos Gearr | | Leanúnach | | Sos Gearr | | |

**Fíor 19**. Plean tréimhsithe d'fhoireann

**(i)** Sainmhínigh tréimhsiú.

**(ii)** Sainaithin **ceithre** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhfuiltear ag díriú orthu ag céim áirithe le linn an phlean i bh**Fíor 19.**

1.
2.
3.
4.

**(iii)** Luaigh céard a bhfuiltear ag súil leis a dhéanfaidh an lúthchleasaí le linn 'Bloc 3' den phlean tréimhsithe i bh**Fíor 19.**

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** Scrúdaigh **dhá** ghné chothaitheacha a d'fhéadfadh lúthchleasaí a chur i gcrích i ndiaidh feidhmíochta le cur leis an téarnamh. Ní ceadmhach hiodráitiú ná deochanna spóirt a úsáid.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** Is gnó mór é turasóireacht spóirt!

Pléigh an dóigh a bhféadfadh margaíocht spóirt tionchar a imirt ar fhorbairt na turasóireachta in Éirinn.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)** Déan anailís ar **dhá** chineál éagsúla fógraíochta a bhaineann le spórt maidir leis na teachtaireachtaí a thugann siad do dhaoine óga.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)**

Nuair a bhuaigh foireann haca na hÉireann bonn airgid i gcraobh an domhain in 2018, léirigh siad scil agus cumas thar an ngnáth chomh maith le hardleibhéil den chleachtadh fisiciúil.



**Fíor 20**

**(i)** Sainmhínigh cumas.

**(ii)** An ionann cumas agus scil? Cosain do fhreagra.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)**



**Fíor 21**

I Lúnasa 2021, d’fhógair Cumann Peile na hÉireann go mbeadh pá comhionann ann do na himreoirí a bheadh ag imirt ar son na hÉireann ar fhoirne sinsir náisiúnta na mban agus na bhfear sa sacar.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, cháiligh foireann sacair na mban ó Phoblacht na hÉireann do chluichí ceannais chorn an domhain den chéad uair riamh.

Sainaithin **dhá** phrionsabal den chleachtas eiticiúil **agus** tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a bhfuil siad tábhachtach sa spórt.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** **(i)** Sainmhínigh íomhá coirp.

**(ii)** 'Nuair a chuirtear coirp chaola ban agus coirp dheilbhithe mhatánacha fear chun tosaigh sna meáin, cuidíonn na meáin le rannpháirtíocht na mban agus na bhfear óg i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn.'
Pléigh bailíocht an ráitis seo.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)** **(i)** Sainaithin **dhá** thréith a bhaineann le baineannacht ceannais.

**(ii)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh na tréithe a shainaithin tú mar is ceart in **(i)** tionchar a imirt ar rannpháirtíocht cailíní sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp.

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Admhálacha

C1: https://www.healthline.com/health/body-planes (Arna rochtain den 1ú uair an 21/9/22)
https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Planes_of_Body_unlabeled.jpg (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C2: http://witdses.weebly.com/student-blogs/trials-make-or-break (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C5: https://bmcpublichealth.biomedcentral.com/articles/10.1186/1471-2458-14-649 (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C6: https://www.theguardian.com/sport/2016/aug/21/new-zealand-and-us-runners-awarded-for-sportsmanship (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C7: https://www.theroar.com.au/2018/02/07/sensational-sexton-kicks-ireland-victory-france/ (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C9: https://www.the42.ie/history-maker-israel-olatunde-broke-irish-record-with-burst-spikes-5842608-Aug2022/ (Arna rochtain den chéad uair an 29/9/22)

C12: https://www.irishexaminer.com/sport/gaa/arid-40923497.html
(Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C13: Arna chóiriú ó: https://www.thetimes.co.uk/article/limerick-reaping-the-benefits-of-paul-kinnerks-revolution-hnp6bhdwh (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://www.soccer-training-methods.com/soccer-tactics.html (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://olympics.com/athlete365/entourage/qualities-of-a-great-sports-coach/#:~:text=An%20effective%20coach%20communicates%20well,also%20essential%20for%20good%20communication (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://scoreline.ie/kilkenny-camogie-manager-ann-downey-says-they-must-be-at-their-very-best-to-reach-the-all-ireland-final/ (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2021-03/ngb-and-club-support.pdf (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://www.sportireland.ie/node/9472 (Arna rochtain den chéad uair an 12/10/22)
https://racketrampage.com/are-tennis-lessons-worth-it/ (Arna rochtain den chéad uair an 24/10/22)

C14: https://www.failteireland.ie/tourism-news/19m-investment-announced-water-based-activity-facilities.aspx (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C15: https://www.irishgolfdesk.com/news-files/2022/2/18/kinetica-sports-welcomes-home-lpga-champion-and-brand-ambassador-maguire (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
Arna chóiriú ó: https://www.sportireland.ie/anti-doping/sanctions (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://www.golfdigest.com/story/leona-maguire-s-inaugural-lpga-victory-also-a-breakthrough-for-i (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C16: http://www.espn.com/nfl/photos/gallery/_/id/8982370/image/11/spring-step-nfl-combine
(Arna rochtain den chéad uair an 17/11/22)

C17: Arna chóiriú ó: https://www.youtube.com/watch?v=DGsvka70Uag (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)

C18: https://www.dublinlive.ie/sport/ireland-hockey-homecoming-14994261 (Arna rochtain den chéad uair an 21/9/22)
https://www.theguardian.com/football/2022/oct/11/scotland-republic-of-ireland-womens-world-cup-playoff-match-report (Arna rochtain den chéad uair an 17/11/22)

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Corpoideachas

Dé hAoine 23 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30